II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/680 ÓN gCOIMISIÚN

**an 27 Aibreán 2022**

**lena leasaítear an fhaisnéis san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/178 tríd an Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann) a áireamh mar thionscnamh nach bhfuil gá le deimhniú físeashláintíochta ina leith maidir le plandaí, torthaí, glasraí, bláthanna nó síolta a thabhairt isteach san Aontas**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 45(1), an ceathrú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard a fhoráiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/178 ón gCoimisiún ([2]) go dtaispeánfaidh na Ballstáit, calafoirt, aerfoirt agus oibreoirí iompair idirnáisiúnta póstaeir le faisnéis áirithe maidir le toirmisc agus ceangaltais i ndáil le plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a thabhairt isteach san Aontas, ag gach phointe iontrála isteach san Aontas, nó ar gach mhodh iompair a ghluaiseann isteach san Aontas, ar mhaithe leis na paisinéirí a thagann isteach ó thríú tíortha. Go sonrach, leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin leagtar amach póstaer leis an bhfaisnéis sin, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na tríú tíortha nach bhfuil gá le deimhniú físeashláintíochta ina leith maidir le plandaí, torthaí, glasraí, bláthanna nó síolta a thabhairt isteach san Aontas.

(2) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (an Comhaontú um Tharraingt Siar), agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/2031, agus gníomhartha de chuid an Choimisiúin atá bunaithe air, amhail Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/178, maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann tar éis dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart an fhaisnéis sa phóstaer a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/178 a leasú chun an Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann) a áireamh mar thionscnamh nach bhfuil gá le deimhniú físeashláintíochta ina leith maidir le plandaí, torthaí, glasraí, bláthanna nó síolta a thabhairt isteach san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/178 a leasú dá réir.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/178 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2020 maidir le faisnéis a chur i láthair paisinéirí a thagann isteach ó thríú tíortha, cliaint seirbhísí poist agus cliaint oibreoirí gairmiúla áirithe, faisnéis a bhaineann leis na toirmisc a mhéid a bhaineann le plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 37, 10.2.2020, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/178**

Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/178.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

*"IARSCRÍBHINN*

**An póstaer dá dtagraítear in Airteagal 1**




"